Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 25 Feabhra 2019
(OR. en)

6631/19

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2018/0106(COD)**

| | |
|---|---|
| FREMP 26 | ENFOCUSTOM 39 |
| JAI 164 | AGRI 90 |
| TELECOM 74 | ETS 8 |
| COMPET 159 | SERVICES 17 |
| RC 6 | TRANS 121 |
| CONSOM 72 | FISC 111 |
| DAPIX 69 | SAN 98 |
| DATAPROTECT 57 | ENV 167 |
| DROIPEN 23 | GAF 25 |
| FIN 159 | ATO 22 |
| EMPL 77 | CYBER 49 |
| MI 179 | COPEN 65 |
| PI 36 | POLGEN 34 |
| SOC 109 | INF 28 |
| CODEC 487 | ANIMAUX 8 |

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | An Uachtaránacht |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe |
| Ábhar: | Togra le haghaidh TREOIR Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE maidir le cosaint do dhaoine a thuairiscíonn sáruithe ar dhlí an Aontais: Tuarascáil ar dhul chun cinn |

**Réamhrá**

1. Ag an gcruinniú a bhí ag an Meitheal um Chearta Bunúsacha, um Chearta na Saoránach agus um Shaorghluaiseacht Daoine (FREMP) ar an 12-13 Meitheamh 2018, thíolaic an Coimisiún a thogra le haghaidh Treoir maidir le cosaint do dhaoine a thuairiscíonn sáruithe ar dhlí an Aontais ("an Treoir maidir le sceithirí").

2. Pléadh an togra ag na cruinnithe a bhí ag Meitheal FREMP ar an 12-13 Iúil agus an 19 Meán Fómhair, an 19 Deireadh Fómhair, an 5, an 15-16 agus an 26 Samhain, an 3, an 12 agus an 17 Nollaig 2018, an 10 Eanáir agus an 13 Feabhra 2019 agus phléigh Comhairleoirí CGB é ar an 8 agus an 14 Eanáir agus ar an 6, an 19, an 21 agus an 26 Feabhra 2019. Rinneadh dianobair go dtí seo ar an leibhéal teicniúil agus tá dul chun cinn maith bainte amach faoin am seo.

3. Ag an gcruinniú a bhí ag Coreper ar an 25 Eanáir 2019, thángthas ar chomhaontú maidir le téacs an togra thuasluaite mar a leagtar amach é san Iarscríbhinn a ghabhann le 5747/19 mar bhunús don chaibidlíocht le Parlaimint na hEorpa. Chuir toscaireachtaí na hOstaire, na Beilge, na Bulgáire agus na hUngáire dearbhuithe isteach i miontuairiscí Coreper (5747/19 ADD 1).

4. Cuireadh tús leis an gcaibidlíocht le Parlaimint na hEorpa ar an 29 Eanáir 2019 d'fhonn teacht ar chomhaontú ar an gcéad léamh i ndáil leis an gcomhad sin roimh thoghcháin Pharlaimint na hEorpa i mí Bealtaine seo chugainn. Chun an sprioc sin a bhaint amach, ba cheart deireadh a chur leis an gcaibidlíocht faoi lár mhí an Mhárta ionas go bhféadfadh Parlaimint na hEorpa an téacs a vótáil mar a comhaontaíodh ag an seisiún iomlánach deiridh a bheidh aici ar an 15-18 Aibreán 2019.

**Imeachtaí sa Chomhairle**

5. Ó thús an nóis imeachta reachtaigh, is díol sásaimh do na toscaireachtaí an togra ón gCoimisiún agus tacaíonn siad leis an tionscnamh sin. Mar thoradh ar an bplé a rinneadh sa Mheitheal inniúil, thángthas ar chomhaontú maidir le roinnt leasuithe ar an togra ón gCoimisiún darb aidhm ardleibhéal cosanta a ráthú do sceithirí eolais.

6. Is é an aidhm a bhí leis na príomh-mhodhnuithe a tugadh isteach sa togra ón gComhairle an bunús dlí a shimpliú, soiléiriú a dhéanamh ar na coinníollacha chun sceithirí eolais a chosaint, lena n-áirítear bealaí inmheánacha agus seachtracha a úsáid, agus soiléiriú a dhéanamh ar na coinníollacha le haghaidh nochtadh poiblí. Le tuilleadh leasuithe rinneadh an bhaint atá ag an ionstraim seo le reachtaíocht earnála infheidhme eile de chuid an Aontais a shoiléiriú, na hoibleagáidí atá ar na húdaráis inniúla a shimpliú agus rinneadh foráil iontu do rialacha níos soiléire maidir le rúndacht.

**Na príomh-shaincheisteanna sa chaibidlíocht le Parlaimint na hEorpa**

7. Le linn na caibidlíochta a rinneadh le Parlaimint an hEorpa sainaithníodh na príomh-shaincheisteanna seo a leanas: raon feidhme ábhartha, raon feidhme pearsanta agus úsáid bealaí tuairiscithe.

*A. Raon feidhme ábhartha*

Tá roinnt mhaith saincheisteanna gaolmhara faoin teideal seo nach foláir a réiteach fós. Baineann an phríomh-shaincheist atá fós gan réiteach leis an iarratas ó Pharlaimint na hEorpa chun cur le raon feidhme ábhartha an togra maidir le cosaint oibrithe (Airteagal 153 agus Airteagal 157 CFAE). Sa bhreis air sin, ba cheart teacht ar chomhaontú i dtaca le stádas na hIarscríbhinne lena n-áirítear liosta na ngníomhartha reachtacha a thagann faoi raon feidhme an togra. D'iarr Parlaimint na hEorpa go mbeadh an Iarscríbhinn táscach seachas uileghabhálach mar atá an togra ón gCoimisiún agus an téacs ón gComhairle. B'ábhar imní dlíthiúil é an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa do Sheirbhís Dlí na Comhairle. Dá bhrí sin, bhí na Ballstáit ar aon intinn go mba cheart don bhunús dlí a bheith chomh leathan agus is féidir fad is a choimeádtar an téacs fónta ó thaobh an dlí.

*B. Raon feidhme pearsanta*

Bhí glacadh ag an gComhairle agus ag Parlaimint na hEorpa araon le catagóirí na ndaoine atá le cosaint faoin treoir seo mar a mhol an Coimisiún i dtús báire. Chuir Parlaimint na hEorpa síneadh breise leis an raon feidhme pearsanta chun éascaitheoirí a chlúdach agus rinne sí iad a asamhlú go ginearálta le sceithirí eolais. Ardaítear an cheist leis seo faoi gcóras cosanta sin a leathnú chuig an ngrúpa sin daoine ós rud é nach n-éilítear orthu na coinníollacha maidir le cosaint a leagtar síos sa dréacht-treoir a chomhlíonadh. Os a choinne sin, foráiltear leis an téacs ón gComhairle do chosaint ar eagla go mbainfí díoltas amach ar na comhairleoirí rúnda, mar a thugtar orthu, ar comhairleoirí iad a thug cúnamh nó comhairle don sceithire eolais agus ar an gcúis sin bhain a bhfostóir díoltas amach orthu. D'fhéadfaí teacht ar chomhaontú i ndáil leis an méid sin ós rud é go bhfuil an seasamh ón gComhairle agus an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa measartha coinbhéirseach maidir leis an tsubstaint.

*C. Úsáid bealaí tuairiscithe*

Leanann an cur chuige ón gComhairle an cur chuige a mhol an Coimisiún ón tús a mhéid a choimeádtar leis an oibleagáid ar an sceithire eolais tuairisciú ar dtús don bhealach inmheánach mar riail ghinearálta. Forálann an Chomhairle do mhaoluithe ar an riail sin i gcás nach bhféadfadh an sceithire eolais a thuairisciú go hinmheánach nó i gcás nach mbeadh sé inmholta dó é sin a dhéanamh. Ós amhlaidh atá, is mian le Parlaimint na hEorpa é a fhágáil faoin sceithire eolais a chinneadh an bhfuil sé/sí ag iarraidh úsáid a bhaint as an mbealach inmheánach nó an tuarascáil a chur go díreach faoi bhráid an bhealaigh sheachtraigh. Dar leis an bParlaimint, is é an sceithire eolais is fearr chun an measúnú sin a dhéanamh. Ba cheart tús áite a thabhairt don tsaincheist sin maidir le cur chuige cothrom a aimsiú ionas go mbeidh sé inghlactha ag an dá chomhreachtóir.

Tá dul chun cinn á dhéanamh ar an leibhéal teicniúil i dtaca leis na saincheisteanna eile d'fhonn teacht ar na comhréitigh is oiriúnaí, mar shampla: faisnéis a fuarthas go dleathach / dliteanas coiriúil; mionchásanna agus cásanna lena ndéantar difear do chearta aonair.

**Conclúid**

8. De bhrí nach bhfuil ach tréimhse theoranta ann chun teacht ar chomhaontú le Parlaimint na hEorpa atá ann faoi láthair, is gá do na páirtithe uile atá i mbun caibidlíochta bheith solúbtha, lena n-áirítear maidir leis na príomh-shaincheisteanna a luaitear thuas.

9. Iarrtar ar Coreper/ar an gComhairle an tuarascáil ar dhul chun cinn seo a thabhairt dá n-aire.